



ÉIRE SHAOR  
AGUS  
ÉIRE GHAELACH

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Smaointí Smokie	2
An tram go dtí an tÉirí Amach	3
Scéal ginn	3
Idir Neamh agus talamh	4
Éire Ghaelach 2016	5
Sos cogaidh na lachan	5
An Bhreatnais	6
An Bliantán Caipisíneach	6
Eilís Túdar - Gloriana	7
Saoire ar an gCósta Fiáin - I	8
Soiscéalaí na Réabhlóide	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
An turcaí sa phota	11
Marbhna Phádraig	12
Leabhar ar iasacht le fada	12



# AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

*Ná labhair faoi ach déan é*

IMLEABHAR 3 EAGRÁN 2

MÁRTA - AIBREÁN 2016

## An Teach a Ghaelú!

Is í Críona ní Dhálaigh an t-ochtú bean as 346 Ardmhéara Bhaile Átha Cliath. Ba í Caitlín ní Dháiligh (bean chéile Thomás Uí Chléirigh) an chéad bhean. Nuair a chuaigh sí isteach i dTeach an Ardmhéara, Sráid Dawson, chaith sí amach pictiúr de Victoria, Banríon na Breataine, a bhí ar crochadh ar an bhalla. B'fhéidir go bhfuil a lán rudaí (agus daoine!) eile ba cheart dúinn a chaitheamh amach i mbliain chomóradh céad bliain an Éirí Amach! Ach tá seift eile ag Críona. Gaeilgeoir í a d'oibrigh do Chonradh na Gaeilge agus do Chomhar na Múinteoirí Gaeilge. Tacaíonn sí le héileamh an Chonartha lárionad Gaeilge a fhorbairt i lár na cathrach. D'oibrigh a hathair, Séamas, nach maireann, ar son Chonradh na Gaeilge sa Phríomhchathair ar feadh na mblianta. Tá Críona ag iarraidh Teach an Ardmhéara a Ghaelú i rith a téarma. Thug sí cuireadh do mhuintir Ionad Bhuail Isteach (ar a d'fhreastail a hathair tráth) teacht isteach chuig a teach, 30 Márta, agus do dhaoine ó ranganna Gaeilge Choláiste Dhúlaigh agus Scoil Neasáin teacht isteach, 6 Aibreán. Threoraigh Críonna féin an dá bhuíon timpeall a tí ag insint stair na háite agus ag taispeáint na rudaí suimiúla a bhí ann. Bhí sí lách, cneasta agus foighneach agus bhí togha na Gaeilge aici. Thug sí cuireadh dúinn teacht chuig Céilí Mór sa seomra ciorclach ach ticéid a lorg uaithe ([lordmayor@dublincity.ie](mailto:lordmayor@dublincity.ie)). Ba cheart dúinn foghlaim uaithe agus ár dtithe, an foirgneamh féin agus an taobh istigh, a Ghaelú i mbliana. Sin an fhíorslí chun aisling agus aidhm laochra an Éirí Amach a chomhlíonadh. Caithfidimid cloí le hidéalacha 1916 agus an Ghaeilge a chur ar thús cadhnaíochta ([in the forefront](#)) shaol na cathrach agus shaol na tíre uile.

### Foghlaimoirí Gaeilge Choláiste Dhúlaigh agus Scoil Neasáin



## CEACHT BEAG GAEILGE:

## UIMHREACHA PEARSANTA



Sa Ghaeilge úsáidtear foirm speisialta de na huimhreacha idir 1 agus 10 nuair a dhéantar tagairt do dhaoine - na huimhreacha pearsanta (**personal numbers**). Cuireann an uimhir “*beirt (two)*” “h” (seimhiú) ar an consan a leanann í ach amháin ar d, s nó t. Ní athraítear gutaí. Úsáidtear an **Tuiseal Ginideach Uimhir Iolra** den ainmfhocal i ndiaidh 2-10. Ní úsáidtear an focal “duine” i ndiaidh na n-uimhreacha 2-10 agus 12.

Úsáidtear na bunuimhreacha (**ordinary cardinal numbers**) do na huimhreacha eile 11, 13, 14 ...

uimhir		uimhir	
1: amháin/ aon	duine amháin, iníon amháin, aon duine amháin	8: ochtar	ochtar mac
2: beirt	beirt bhan, beirt dochtúirí	9: naonúr	naonúr iascairí
3: triúr	triúr fuirseoirí ( <b>comedians</b> )	10: deichniúr	deichniúr Éireannach
4: ceathrar	ceathrar deartháireacha	11: aon ** dhéag	aon fhear déag, aon duine dhéag, aon iníon déag
5: cúigear	cúigear iníonacha	12: dharéag	dharéag múinteoir,
6: seisear	seisear oifigeach	13: trí ** dhéag	trí cheoltóir déag
7: seachtar	seachtar aisteoirí	17: seacht**dhéag	seacht gcigire dhéag, seacht n-amhránaí dhéag

## SMAOINTÍ SMOKIE

Brid Brien

Thosaigh sé sa seomra suí, nuair a bhí mo mháthair gnóthach ag glanadh na háite thart orm, ag scamhlair (**complaining**) go míle minic (**for the umpteenth time**), nach raibh bróga m'athar san áit ar cheart iad a bheith. “*Nár chóir dó fios a bheith aige anois (does he not know by now) go mbíonn na bróga i gcónaí faoin staighre!*” ar sise, á gcrúinniú faoina hascaill (**in her arms**), réidh le hiad a chaitheamh air dá dtiocfadh sé isteach an doras. Ag amharc timpeall (**looking around**), bhí aoibh an ghéire uirthi, mar go raibh a fhios aici go raibh gach aon rud san áit cheart arís. Ansin d’iompaigh sí orm agus dúirt sí liom, “*Smokie, tá rud éigin (something) agam le rá leatsa ach ní déarfaidh mé anois é. B’fhéidir níos moille (later)*”. Chomh luath agus a d’éalaigh sí (**disappeared**), bhí níos mó spéise ionam (**I was more interested**) ach mar ba ghnách, b’éigean dom fanacht bomaite (**second**) nó dhó go dtiocfadh sí ar ais chun gach aon rud a insint dom, agus sin go díreach an rud a rinne sí. Bhí mé cinnte go dtiocfadh sí ar ais (**she was so predictable**). “*Táimid ag dul (going) go dtí an Spáinn ar an Aoine ar feadh míosa agus síleann muid nach bhfuil sé ceart tú a fhágáil i dteach na gcat ar feadh an ama sin, cé gur mhaith leis na húinéirí tú a fheiceáil ag teacht. Tá siad i gcónaí do do mholadh (praising you)*”, ar sise, aoibh an ghéire ó chluas go cluas. Bhí fhios agam gur thaitin mé leis (**liked me**) na húinéirí. Ag ligean orm féin (**pretending**) go raibh mé i mo chodladh, d’éist mé go minic leis an chomhrá a bhí acu eatarthu féin agus a gcairde, ag rá gur cat múinte agus cliste mé. “*Is é an rud ceart le déanamh. Cuimhnigh! Is cuma cad a tharlóidh, go mbeidh grá mór againn duit i gcónaí,*” ar sise. “*Cad é an rud ceart a bhí le déanamh?*” Ná bí buartha! (**Do not worry**). Bhí mé cinnte go deireadh an lae, go n-inseodh sí dom (**would tell me**) céad míle uair céarbh é an rud é. Agus mé ag titim i mo chodladh go díreach (**nodding off**), thug sí póg bheag éadrom dom ar chúl mo chinn. B’shin rud a thosaigh sí ag déanamh le gairid. Bhain mé sult as.



## AN TRAM GO DTÍ AN tÉIRÍ AMACH

Pádraig MacÉil

Bhí buíon fear a tháinig abhaile ón Albain agus ó Shasana nuair a cuireadh An Conscríobh i bhfeidhm sa Bhreatain Mhór. Bhí siad ag fanacht i “Larkfield” i gCamaigh i sean-mhuileann ar fheirm de chuid An Chúnta Pluincéid, athair Sheosaimh Máire. Chaith siad trí mhí ansin ag traenáil agus ag déanamh armlóin agus pící. Maidin Luan Cásca bhailigh na fir a gcuid arm agus mháirseáil siad chuig an trambhealach a bhí cóngarach don fheirm agus chuaigh siad ar bord tram. Bhí raidhfíil nó gunna gráin ag gach fear agus píce agus buama nó gránáid freisin.



Labhair a gceannaire, An Captaen Seoirse Pluincéid, leis an ngiolla tram, “59 dtáille dhá phingin, agus ná stad, le do thoil, go dtí go sroichfimid Sráid Uí Chonaill!” Labhair paisinéir eile leis an ngiolla tram, “Éilím ort na daoine seo a chur den tram?” “A bhean uasal, tá mé ró-ghnóthach faoi láthair,” d’fhreagair an giolla tram, “ar mhaith leat féin é a dhéanamh?” Bhí lan á go breá brothallach agus bhí Óglach ag seinm fliúit agus a chomrádaithe ag canadh ar an tslí chuig lár na cathrach. Faraor, maraíodh a lán acu i rith na seachtaine.

## SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Bhí Máire agus Colm pósta ar feadh cúig bliana déag agus cúram muirín mhóir orthu. Bhí siad ina gcodladh tar éis lae leis na páistí ina raibh sárú coirp agus intinne. Dhúisigh Máire go tobann i lár na hoíche agus í ag béiceadh agus ag gol.

“Cad tá cearr leat, a thaisce”, arsa Colm agus cuma buartha air, “an raibh tromluí agat?”

“Bhí”, d’fhreagair Máire le meacan an chaointe ina glór, “bhí sé uafásach.”

“Ná bí eaglach, a stór”, arsa Colm go hionmhain áilghean, “tá tú slán sábháilte anois. An gcuimhníonn tú cad a bhí sa bhrionglóid?”

“Cuimhním”, arsa Máire agus í fós ag sileadh na ndeor, “d’fhuadaigh fear óg saibhir dóighiúil dea-chumtha mé agus thóg sé mé, i bhfad ó bhaile, go dtína theach mór lán de seirbhísigh ar oileán teochreasach.”

“Beir bog ort féin, tá gach rud i gceart anois. Tá tú i do theach féin i do leaba liomsa fós. Ní raibh ann ach brionglóid”, arsa Colm ag iarraidh í a shuaimhniú.

“Faraor” arsa Máire, “nach ceart a bhfuil a fhios agam. Sin an fáth go bhfuil mé ag gol!”



## Foclóirín

ar feadh - **for the space of**; cúram muirín mhóir orthu - **a large family to support**;  
sárú coirp agus intinne - **physically and mentally exhausting**; dhúisigh Máire - **Mary awoke**;  
go tobann - **suddenly**; i lár - **in the middle of**; ag béiceadh - **yelling**;  
cearr leat - **wrong with you**; a thaisce - **my dear**; cuma buartha - **worried look**;  
tromluí - **nightmare**; meacan an chaointe - **sobbing note**; glór - **voice**; uafásach - **terrible**;  
eaglach - **afraid**; a stór - **darling**; go hionmhain áilghean - **lovingly and gently**;  
slán sábháilte - **safe and sound**; an gcuimhníonn tú - **do you remember**; brionglóid - **dream**;  
ag sileadh na ndeor - **shedding tears**; d’fhuadaigh - **kidnapped**; saibhir - **rich**;  
dóighiúil - **handsome**; dea-chumtha - **shapely**; i bhfad ó bhaile - **far from home**;  
seirbhísigh - **servants**; oileán teochreasach - **tropical island**; beir bog ort féin - **take it easy**;  
i gceart - **right**; ag iarraidh - **trying**; a shuaimhniú - **to calm**; faraor - **alas**;  
nach ceart a bhfuil a fhios agam - **how well I know it**; fáth - **reason**;



## IDIR NEAMH AGUS TALAMH

Nodlaig Ó Scurlóig

**Pádraig:** An bhfuil tú sásta leis an gceiliúradh ar 1916 a Sheáin?

**Seán:** Nílím, mar táimid an-chairdiúil leis na Sasanaigh anois agus ní maith liom cur isteach ar sin.

**P:** Nach bhfuil tú sásta go bhfuil neamhspleáchas againn anois.

**S:** Nílím i ndáiríre mar ceapaim go mbeadh riail ó Londain ní ba fhearr dúinn.

**P:** Dochreidte! Nach bhfuil a fhios agat go bhfuil gach duine ag obair ar a shon féin amháin?

**S:** Bhuel, tá ach ceapaim go bhfuil na rudaí céanna ag teastáil uainn agus táimid ag caint as Béarla, an phríomhtheanga.

**P:** Ach tá ár dteanga féin againn agus is féidir linn í a labhairt más mian linn.

**S:** Caithfidimid fail réidh leis sin. Ní bhainimid aon toradh aisti agus is é an Béarla an teanga idirnáisiúnta anois.

**P:** Tá gach uile thír san Eoraip ag caint as a dteanga féin agus as Béarla le heachtrannaigh.

**S:** Bhuel, táimid measctha leis na Sasanaigh agus níl mórán sa difríocht eadrainn

**P:** An gceapann tú? Tá na Sasanaigh de bhunús Gearmánach agus tá siad de shíor ag smaoineamh ar an impireacht a bhí acu agus ceapann siad go bhfuil siad níos fearr ná daoine eile. Ar an taobh eile ar fad tá muintir na hÉireann de bhunús Ceilteach agus tá easpa féinmhuinín againn. Cén chaoi go mbeadh ceangal eadrainn ach amháin le foréigean?

**S:** Sin an focal, foréigean. Dá mba rud é gur sheachnóimis an foréigean bheadh féinriail againn le fada an lá.

**P:** An bhfuil tú ag magadh? Bhí rialacháin Shasana iomlán bunaithe ar an bhforéigean ón tús agus i 1916 an rud ba cheart dóibh a dhéanamh ná caint leis na daoine in Ardoifig an Phoist in ionad iad a mharú.

**S:** Bhí saibhreas ann anseo ag an am sin mar bhí Sasana ag cosaint na tíre ó naimhde ar nós, b'fhéidir, Na Rúise.

**P:** Bhí bochtanas fhorleathan sa tír ag an am sin ach amháin i measc na mboc mór amhail tusa. Nach bhfuil tailte ollmhóra agatsa agus ag do mhuintir agus an bhfuair sibh an saibhreas sin ó dhaoine bochta ag an nGorta Mór? Maidir le cosaint bheadh sin ar a maitheas féin.

**S:** Ar aon nós tá muinín agam i Londain agus táimid ag brath orthu siúd i gcónaí



**P :** Is trua liom a rá ach níl ionat ach feallaire don tír seo agus sclábhaí aineolach do thír eile. Más mian leat bheith i d'Éireannach caithfidh tú dílseacht a thabhairt d'Éire amháin. Má dhúltaíonn tú é sin caithfidh tú dul chuig Sasana, an tír naofa dar leat, mar is Sasanach tú i ndáiríre. Slán leat.



## ÉIRE GHAELACH 2016

Diarmuid Ó Súilleabháin

Athbhreithniú ([review](#)) ar na Caiféanna Craiceáilte, atá faoi chaibidil agam sa scríbhinn seo. Tá ag éirí thar na bearta linn anseo i bhFine Gall. Go hiondúil bíonn tinreamh ([attendance](#)) beagnach deichniúr ag gach ‘Tae ‘s Plé’. Seo mar a bhí an scéal seachtain amháin i mí Feabhra: Na Sceirí (10), Mullach Íde (12), Binn Éadair (6), **Dún a’ Bháid** (9), Baile Brigín (7), Sord Colmcille (5). Chomh maith leis sin is iad na daoine céanna a thagann ó sheachtain go seachtain. Is nós é! Bíonn siad go breá foirfe sa chomhlúadar. Is maith sin ach níl an tinreamh ag méadú!

An léamh eile ar an scéal ná go bhfuil breis daoine uainn ionas go mbeidh athnuachan ann. Tá éileamh mór ar na comhráite seo sna caiféanna dar le Ben agus Seán. Acu is ea a mbíonn an



dea-scéal i gcónaí. Anuas ar sin, bíonn custaiméirí na gcaiféanna fiosrach ar a laghad nuair a chloiseann siad an Ghaeilge. An tseachtain seo bhí seanchas breá agam le fear a bhí ar thuras lae ar Na Sceirí. Dub ab ea é a bhí ar scoil Naomh Pádraig, Droim Conrach, tráth agus ina bhall de Mhisneach! Mar a deirtear i gCiarraí “*Is fánach an áit a bhfaighfeá gliomach*”. (Dála an scéil mé fhéinig a chur an chaint air!)

Bheadh go hiontach níos mó daoine sna tríochaidí a mhealladh chuig na caiféanna craiceáilte. Feictear domsa go bhfuil Gaeilgeoirí na chéad ghlúine, agus Gaelscolaíocht orthu, tagtha i dtír anois. Tá

bean óg, Lia, a bhfuil Gaeilge bhreá líofa aici ag obair sa chaifé *Insomnia* i mBinn Éadair. I nDún a’ Bháid tá Aoife fostaithe ag *Supervalue*, Seán san Óstán *Waterside*, Sibéal i *Keelings* agus Muintir Uí Mhurchadh, búistéirí, san Ionad Siopadóireachta. Gaeltacht na mBailte Fearainn abú!

Táim ag smaoineamh go bhfuil sciar dóibh anseo agus ansiúd i bhFine Gall. D’fhéadfaimis bunachar sonraí ([database](#)) a chruthú ina mbeadh liosta siopaí, gruagairí, cógaslanna, bialanna, fiacloirí agus araile agus baill de nuachaintoirí na Gaeilge ag obair iontu. Seans maith go n-eascrófaí nasc eatarthu. D’fhéadfá do shaol a chaitheamh ‘trí Ghaeilge’ dá bharr? Bímis ag feidhmiú agus ag tógáil ar an mbunsraith sin i mbliana ! Ar a laghad is féidir linn ‘cúpla focal’ a roinnt leis na freastalaithe.

## SOS COGAIDH NA LACHAN

Pádraig Mac Éil

Maidin Luan Cásca, 24 Aibreán 1916, ghabh baill d’Arm Cathartha na hÉireann faoi cheannas An Ceannfort Michael Mallin agus An Chuntaois Markiewicz Faiche Stiabhna. Botún a bhí anseo. Bhí orthu cúlú go dtí Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn ar an taobh iartharach den fhaiche nuair a thosaigh saighdiúirí na Breataine ag scaoileadh leo ó Óstlann Shelbourne. Bhí an dá arm ag scaoileadh lena chéile thar an bpáirc. Tháinig ionadh orthu nuair a chonaic siad an coimeádaí páirce, James Kearney, ag siúl óna lóiste chun bia a thabhairt do na lachain san Fhaiche. Socraíodh sos cogadh idir an dá thaobh dhá uair sa lá chun go mbeadh deis ag Kearney bia a thabhairt dá éin. Thug Cumann Bhaile Átha Cliath um Fhóirithint ar Ainmhithe Pár Teastais do Kearney a bhronn Coimisinéir na nOibreacha Poiblí air.





## AN BHREATNAIS

Seán Ó Fearghail

An samhradh seo chaite rinne mé cúrsa Breatnaise in Ollscoil Aberystwyth. Bíonn cúrsa ceithre seachtaine ar siúl ansin gach bliain i mí Lúnasa. Tar éis an tréimhse sin níorbh fhéidir liom a rá go raibh líofacht na Breatnaise agam ach fuair mé blaiseadh beag den teanga agus bhí me in ann abairtí simplí a chur le chéile. Mar chúrsa bhí se dian go leor – ranganna gach lá ó 9:00 am go



5:00 pm, imeachtaí éagsúla ar siúl gach oíche, turas de shaghas éigin gach Satharn agus ina dhiaidh sin bhíodh obair bhaile le déanamh agam gach oíche. Rinneamar cuairt ar an Eisteddfod Satharn amháin – tá sé sin píosa beag cosúil leis an Oireachtas ach fiche uair níos mó.

Fad is a bhí mé ann thug mé cúpla rud faoi deara. Mar shampla, is cuid lárnach de chultúr na Breataine Bige í an Bhreatnais, tá an teanga i bhfad níos láidre ná mar atá an Ghaeilge anseo in Éirinn. Tá muintir na Breataine an-bhródúil as an teanga – luaitear san amhrán náisiúnta í mar ghné thábhachtach gur leis na daoine go léir í. Cloistear an teanga i ngach aon áit, ar na sráideanna, sna siopaí, sna tithe tábhairne. Tá stádas agus aitheantas tugtha don teanga ag an Rialtas. Ni féidir leis an Rialtas neamhaird a thabhairt don teanga agus dá cainteoirí mar a dhéantar sa tír seo.

Bhí costas €400 ar an gcúrsa. Ba phraghas dochreidte é seo agus caithfear go bhfuil deontas á chur ar fáil don Ollscoil. D’fhan mé ar champas na hOllscoile i lóistín na mac léinn. Bhí sé sin suimiúil toisc roinnt mac léinn ó thíortha eile a bheith ag fanacht ann chomh maith – daoine ó Na Stáit Aontaithe, ó Bhrasaíl, ón Airgintín, ón Ghearmáin, ón Úcráin agus eile – agus iad go léir ag foghlaim na Breatnaise.

Roimh an gcúrsa cheap mé go gcuideodh mo chuid Gaeilge liom, agus an dá theanga bheith gaolta le cheile. Ach níor chuidigh sí in aon bhealach. Tá séimhiú agus urú sa Bhreatnais ceart go leor, ach tá siad difriúil ón nGaeilge agus úsáidtear i mbealaí difriúla iad. Tá an abairt bunaithe ar an struchtúr “Briathar – Ainmní - Cuspóir” mar atá sa Ghaeilge, agus is féidir cúpla focal a aithint ón nGaeilge m.sh. *mawr* = mór, *bach* = beag, *dyn* = fear (duine), *traeth* = trá, ach sin an méid. I ndáiríre ba theanga iomlán nua domsa í, agus mar sin bhí sí an-suimiúil. Ach sin ráite agam, bhuail mé le roinnt daoine, Breatnaigh a bhí iontu, a raibh méid áirithe Gaeilge acu agus a raibh suim acu í a chleachtadh liom.


Táim fós ag leanúint le mo chuid staidéir, agus rachaidh mé ar ais i 2016 chun cúrsa eile a dhéanamh. I 2015 bhí mé i rang na nglantosaítheoirí. Tá sé mar chuspóir agam anois dul ar ais ag leibhéal níos airde ná sin.



## AN BLIANTÁN CAIPISÍNEACH

Pádraig Mac Éil

I mbliana tá na Caipisínigh ag comóradh 400 bliain in Éirinn. Bhí siompóisiam acu in eaglais Mhuire na nAingéal, Sráid an Teampaill, an 27 Feabhra. Tugadh le fios ag an ócáid sin go bhfuil digitíú déanta de gach eagrán dá mbliantán (*Annual*) cáiliúil, *An Bliantán Caipsíneach*, agus go mbeidh siad go léir le fáil, saor in aisce, ar an idirlíon go luath. Foilsíodh an bliantán ó 1930 go dtí 1977. Ba é a mhana (*motto*) ná “*Do chum Glóire Dé agus Onóra na hÉireann*”. Bhí ailt faoin stair, faoin ealaíon, agus faoin spioradáltacht, chomh maith le dánta, cartúin agus maisíúchán le léaráidí ó ealaíontóirí mar Richard King. Den chuid is mó bhí na hirisleabhair i mBéarla ach bhí ailt agus dánta i nGaeilge iontu freisin. Ná dean dearmad féachaint air!



## EILÍS TÚDAR - GLORIANA

Seán Ó Mathúna

Nuair a tháinig Eilís I chun cumhacht i Sasana ar lá bhás a deirfear, Máire (“Máire Fola”), sa bhliain 1558, ní raibh sí ach 25 bliana d’aois agus bhí sí neamhdhlisteanach (*illegitimate*) faoin dlí coiteann (*common law*) agus faoi dhlí na hEaglaise. Mar sin féin cuireadh fáilte mhór roimpi mar bhí súil ag Sasanaigh go n-aontódh Eilís an tír agus go bpósfadh sí fear a bheadh in ann an tír a chuir ar ais le chéile. Níor chlis Eilís an dóchas sin a bhí ag na daoine inti agus nuair a fuair sí bás 45 bliana dár gcionn bhí Sasana ina thír lán-Phrotastúnach agus ar cheann de na tíortha ba láidre agus ba shaibhre ar domhan.



Is fiú féachaint ar an taithí a bhí ag Eilís sa chéad 25 bliana dá saoil a chabhraigh léi bheith chomh rathúil sin mar cheannaire. Ní raibh sí ach 2 bhliain d’aois nuair a dícheannaigh a hathair, Anraí VIII, Áine Boleyn, máthair Eilíse. Chomh fada agus a bhí Anraí beo bhí saol Eilíse faoi scamall. Mar sin féin fuair Eilís oideachas den scoth i dteangeolaíocht, i ndiagacht agus i bhfealsúnacht. Bhí sí líofa sa Laidin, san Iodáilis agus san Fhraincis. Nuair a bhí sí 15 bhliana d’aois cuireadh ina leith go raibh caidreamh suirí aici le Tomás Seymour (fear 40 bliain d’aois). Cuireadh Seymour chun báis ach bhí Eilís ró-chliste don chúistiúnaí (*inquisitor*), Tyrwhitt. Nuair a bhí a deirfiúr, Máire, ar an gcoróin bhí Eilís i mbaol mór toisc nár chreid Máire go raibh sí i ndáiríre nuair a lig Eilís uirthi gur Chaitliceach í. Le linn éirí amach Wyatt sa bhliain 1554 cuireadh Eilís i bpríosún sa Túr i Londain agus bhí sí ar shraith an bháis ar feadh tamall. Bhí an comhairleoir Renard ag moladh Eilís a chur chun báis in éineacht leis an mBantiarna Sinéad deGrae. Arís bhí Eilís ró-chliste do Renard.

Bhí an cumas ag Eilís an dá thrá a fhreastal. – nuair a bhí a hathair Anraoi beo lig Eilís uirthi gur fíor-Phrotastúnach a bhí inti ach nuair a tháinig Máire i gcumhacht bhí Eilís ag ligean uirthi gur fhíor-Chaitliceach í - i ndáiríre ní raibh mórán suime ag Eilís i gcúrsaí spioradálta - ach cosúil le naomh Pól bhí Eilís “ina gach ní do gach duine” (1 Cor 9.22) . Nuair a bhí Máire ag fáil bháis i mí na Samhna 1588 cheap Máire go leanfadh Eilís ar aghaidh chun an creideamh caitliceach a athbhunú i Sasana - bhí Pilib na Spáinne (fear céile Mháire) ag tnúth go bpósfadh Eilís é féin. Ach bhí beart eile ag Eilís - ní raibh gá aici le fear céile - bhí aois Gloriana tagtha ar an bhfód.

Tá a lán ceisteanna tromchúiseacha a bhaineann le saol fada Eilíse- mar shampla cén fáth nár phós sí an Tiarna Roibeárd Dudley (máistir na gcapall agus deartháir céile don Bhantiarna Sinéad de Grae)? Bhí Eilís i ngrá leis ar feadh 20+ bhliain ach bhí amhras ann go raibh Eilís páirteach i mbás bhean chéile Roibeáird sa bhliain 1560. Choiméad sí an litir deireanach a fuair sí ó Roibeárd go deireadh a saoil. Cén fáth gur chuir sí Máire, Banríon na nAlbanach, chun báis agus an raibh an Pápa Pius V ceart Eilís a choinnealbhá (*excommunicate*) sa bhliain 1570? Cé gur chuir Eilís an tAcht Ionannais 1559 (*Act of Uniformity*) i bhfeidhm go dian i Sasana agus in Albain níor rinne sí amhlaidh in Éirinn. Bhí suim speisialta aici in Éirinn, go mór mór sna capaill as Éirinn, agus bhunaigh sí Coláiste na Tríonóide sa bhliain 1592. D’fhoghlaim sí roinnt Gaeilge freisin.



## SAOIRE AR AN gCÓSTA FIÁIN - I

Seán Ó Cadhain

Chaith mo bhean, Siobhán, agus mé féin seachtain ar saoire ar an gCósta Fiáin (*Costa Brava*) í gCatalóin na Spáinne i lár mhí Aibreáin seo caite. Bheartaigh muid a dhul an tráth sin bliana de bhrí nach mbeadh an aimsir róthe, agus freisin go mbeadh goimh (*sting*) an gheimridh imithe as an aer. B'iad na gníomhairí, *An Roinn Taistil*, a d'eagraigh an turas dúinn. Grúpa seanóirí is mó a bhí inár dteannta. Thaistéal muid le *Ryanair*. Cé nach mór é mo ghean (*affection*) ar Michael O'Leary, caithfidh mé a admháil go bhfuil a gcuid poncúlachta (*punctuality*) mar aerlíne ar fheabhas. Sular thuirling muid in aerfort *Barcelona* le titim na hoíche, bhí radharc álainn ag fíor na spéire: dul faoi na gréine, í cosúil le liathróid bhándearg.

Bhuail Sue, treoraí (*guide*) de chuid *an Roinn Taistil*, ag an aerfort linn. Sasanach a bhfuil tríocha bliain caite aici sa Spáinn. Bhí sí inár dteannta i gcaitheamh na seachtaine, ar na turais éagsúla. Bhí muid lonnaithe in óstán i bhfoisceacht (*within*) caoga ciliméadar ó thuaidh de chathair *Barcelona*, i mbaile beag darb ainm, *Pineda de Mar*, ar an gCósta Fiáin. Bhí radharc breá ón óstán ar an Meánmhuir agus trá bhreá ghaineamhach ag síneadh ar feadh roinnt ciliméadair deiseal is tuathal uainn. Cé nach mian liom a bheith ag sú na gréine, ní áirím ag déanamh bolg le gréin (*sun-bathing*), ní miste liom eolas a chur ar na ceantair a dtéim ar saoire iontu agus taistéal thart timpeall ar áiteanna suimiúla eile sa chomharsanacht (*neighbourhood*). Déanaim é seo go hionduil de shiúl na gcos nó amanta ar bhus is ar thraein, má tá fonn orm a dhul thar raon siúlóide.



Ní raibh sé d'uain againn blas ar bith a dhéanamh an chéad oíche, ó bhí sé ina mheán oíche faoin am ar shocraigh muid síos san óstán. Bhí cead a gcinn againn an dara lá a rogha rud a dhéanamh. Chuaigh an bheirt againn ag spaisteoireacht (*strolling*) le farraige gur shroich muid an baile ba ghaire dúinn, *Santa Susanna*. Tháinig muid ar mhargadh, ócáidí an-choitianta sna bólaí seo (*in these parts*), a mbíonn gach cineál earraí le ceannach saor. Shiúil muid ar ais le cladach, áit a raibh roinnt daoine ag iascaireacht, a gcuid slat iascaigh curtha go domhain sa trá acu ag fanacht le priocadh (*bite*). Bhí corr-dhuine eile ag déanamh bolg le gréin ar an trá. Cúpla bád amuigh ar an domhain (*deep*) ag iascach. Freisin, bhí roinnt bád seoil ag treabhadh na farraige le cuidiú ó leoithne ghaoithe. Tar éis an dinnéir, thug muid aghaidh ar shráideanna *Pineda de Mar* ag teannadh le clapsholas na hoíche (*approaching twilight*). Shílfeá go raibh gnáthmhuintir an bhaile agus bunáite na gcuariteoirí ar an mbaile ar an dul céanna linn. Bhí na sráideanna ag cur thar maoil. B'fhéidir gur de bharr an scíth nóna (*siesta*), a chleachtann formhór mhuintir na Spáinne, go mbíonn fuadar amach orthu níos deireanaí. Pé ar bith é, ba dheis mhaith é eolas a chur ar an mbaile. Téann traein tríd an mbaile freisin, a thagann ó *Barcelona* is a fhreastalaíonn ar chuid de na bailte ar an gCósta Fiáin. Áisiúil (*convenient*) go leor, bhí stáisiún an bhaile trasna díreach ón óstán.








## SOISCÉALAÍ NA RÉABHLÓIDE

Pádraig Mac Éil

Rugadh Seán Mac Diarmada i gCoillte Clochair, Co Liatroma, 27 Eanáir 1883, an t-ochtú páiste de chlann deichniúr. Ba shiúinéir é a athair. D'éag a mháthair nuair a bhí sé naoi mbliana d'aois. Mhúscaíl a mhúinteoir, P McGauran, a spéis i stair na hÉireann agus sa Ghaeilge. Bhí tionchar ag comóradh chéad bhliain Éirí Amach 1798, agóidí i gcoinne Chogadh na mBórach, leathnú Cumann Lúthcleas Gael, agus díshealbhuithe ([evictions](#)) ar eastáit an Tiarna Tottenham ar mhúnlú meoin Sheáin i dtreo an náisiúnachais ([nationalism](#)).



I 1905 d'oibrigh Mac Diarmada i mBéal Feirste mar ghiolla tram. Ba bhall é de Chonradh na Gaeilge. Chláraigh sé le Clubanna Dhún Geanainn ([Dungannon Clubs](#)) a bhunaigh Bulmer Hobson agus Denis McCullough agus fostaíodh é mar eagraí dóibh i dTír Eoghan. Chuir McCullough faoi mhionn é mar bhall de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann (BPÉ, [Irish Republican Brotherhood](#)). D'athbheoigh sé BPÉ sna blianta ina dhiaidh sin. D'fhill sé ar Liatroim, samhradh 1907, chun stocaireacht do Shinn Féin a dhéanamh i bhfothoghchán. Chas sé ar Thomás Ó Cléirigh i mBaile Átha Cliath i 1908. D'éirigh dlúthchairdeas idir an bheirt. B'iadsan a réitigh an chre as ar fhás Éirí Amach na Cásca.

Thaistil Mac Diarmada timpeall na hÉireann agus timpeall na Breataine ag earcú do Shinn Féin agus do BPÉ. Bhunaigh sé Aonach na Nollag sa Rotunda, BÁC, chun earraí Éireannacha a dhíol. Ó Shamhain 1910 ar aghaidh bhí sé ina bhainisteoir ar nuachtán radacach, "*Irish Freedom*," agus ina eagarthóir an bhliain dár gcionn. Rinne sé agóid i gcoinne chuairt Rí na Breataine, Seoirse V, ar Éirinn. I bhFómhar 1911 bhuail polaimiailíteas é agus chaith sé míonna in ospidéal an Mater. Bhí sé bacach ina chos dheas as sin amach agus ní raibh sé chomh fuinniúil. I nDeireadh Fómhair 1912 bhuail sé le muintir Chlann na nGael i New Jersey sna Stáit. Bhí sé ina bhall den Choiste Sealadach d'Óglaigh na hÉireann nuair a bunaíodh an t-eagras sin i Samhain 1913. Níor aontaigh sé le cinneadh Hobson ainmnithe ([nominees](#)) de chuid John Redmond a chur ar an gcoiste i 1914 agus ní raibh an bheirt chairdiúil ina dhiaidh sin.

D'iompáigh Mac Diarmada agus Clarke gunnaí ón *Asgard* ó Bhinn Éadair go dtí an phríomhchathair i dtacsáí, 26 Lúnasa 1914. Gabhadh Mac Diarmada i dTuaim, 18 Bealtaine 1915, nuair a dúirt sé dá lucht éisteachta "*Is Sasana san fhaopach agus Éire sa tóir*" ([England's difficulty is Ireland's opportunity](#)). Bhí sé i bpríosún ar feadh ceithre mhí. Roimh dheireadh 1915 bhí sé ina rúnaí ar Ard-Chomhairle an BPÉ agus Clarke mar chisteoir. D'oibrigh sé ar An Chomhairle Míleata le Pearse, Plunkett agus Éamonn Ceannt chun pleannanna an Éirí Amach a chur le chéile.


Chuir fógra Mhic Néill ag cur imeachtaí ar ceal Domhnach na Cásca 1916 fearg air. An lá dár gcionn chuaigh sé i ngluaisteán ó Óstlann Fleming i bPlás Gardiner go dtí Ard-Oifig an Phoist leis an gCléireach. Bhí sé mar aidiúnach ([adjutant](#)) do Shéamas Ó Conghaile ansin agus bhí sé ag cabhrú leis an ospidéal machaire ([field hospital](#)), ag iarraidh stad a cur leis an gcreachadóireacht ([looting](#)) agus ag seoladh teachtaireachtaí chuig garastúin eile. Léigh sé amach an tOrdú Ghéilleadh do na hÓglaigh, Satharn, 29 Aibreán agus iad lonnaithe i Sráid an Mhúraigh faoin am sin. Cuireadh cúirt airm air, 9 Bealtaine, agus daoradh chun báis é. Scríobh sé litir fhada chuig a shiblíní ([siblings](#)). Thug An tAthair de Brún agus Min agus Phyllis Ryan cuairt air an oíche roimh a bháis. Ba í Min a chailín. Lámhachadh é i gClós na mBristeoraí Cloch ([Stonebreakers' Yard](#)), Príosún Chill Maighneann ag 3.45 am, 12 Bealtaine 1916.



# CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-20


TRASNA

SÍOS



- 1 release (6)
- 5 jet (6)
- 10 neurosis (7)
- 11 bad breed (7)
- 12 embryo (4)
- 13 easel (5)
- 15 breath (4)
- 17 way (3)
- 19 acolyte (6)
- 22 pulse (6)
- 24 idealist (7)
- 25 broken (6)
- 27 sulking (6)
- 30 poem (3)
- 32 fish (4)
- 33 thin (5)
- 34 fire (4)
- 37 gladness (7)
- 38 dressmaker (7)
- 39 luck (3)
- 40 paunch (6)
- 41 orchard (6)

- 2 tormented (7)
- 3 olive (4)
- 4 cargo (6)
- 5 historian (6)
- 6 soul (4)
- 7 wealth (7)
- 8 glossy (6)
- 9 notion (6)
- 14 ear-phone (7)
- 16 spent (5)
- 18 band (5)
- 20 foam (3)
- 21 ill usage (3)
- 22 cat (3)
- 23 physician (3)
- 25 gang (6)
- 26 loan (7)
- 28 people (7)
- 29 flay (5)
- 30 slave (6)
- 31 sanctification (6)
- 35 blemish (4)
- 36 cliff (4)



## CUARDACH FOCAL 20

### bláthanna 1/ flowers 1

B	Í	Á	N	G	O	R	M	P	Í	O	H	C	Ó	C
S	H	S	Ó	R	L	S	E	I	L	C	U	A	C	H
A	C	E	A	D	H	A	S	T	A	B	N	S	O	R
I	S	N	D	B	T	P	I	L	I	Ú	I	T	D	M
L	B	Ú	Á	Ú	H	Ú	R	D	G	A	L	A	A	G
C	R	O	I	C	H	A	Ó	O	E	N	I	R	L	A
H	L	N	L	N	H	L	I	A	S	L	F	A	Ó	I
U	I	T	I	D	É	R	S	R	I	N	I	B	R	L
A	L	A	A	P	M	H	I	A	C	D	U	L	Ú	I
C	Í	E	É	Í	A	S	C	L	Í	U	I	T	É	
H	C	P	N	U	C	R	Í	Ó	Á	S	N	T	S	M
C	L	F	E	I	L	E	L	N	R	Ó	T	N	A	I
Ó	H	C	A	L	R	A	H	D	N	C	R	A	S	A
C	M	A	R	T	S	A	E	L	I	E	F	Ó	R	C



astar (aster)	glaidiolas (gladiolus)
buían (corn marigold)	lile (lily)
caiméilia (camellia)	peatúinia (petunia)
ceadharlach (gentian)	rós (rose)
cróch (crocus)	tiúilip (tulip)
dáilia (dahlia)	sabhaircín (primrose)
feileastram (iris)	sailchuach (violet)
goirmín (pansy)	sínne (zinnia)



## AN TURCAÍ SA PHOTA

Máire ó Marino

Le cúpla bliain anuas tógann an teaghlach go léir (naonúr againn agus madra) teach cois Farraige ar cíos chun an Nollaig a chaitheamh le chéile. Bhí an t-ádh againn ceann mór a fháil ar fheirm in áit iargúlta i gContae Loch Gormáin. Bhíomar in ann an fharraige a cloisint thuas staighre. Ní raibh na garmhic rófhada sa teach nuair a fuair siad amach nach raibh aon WiFi (**dílseacht gan sreang**) le fáil agus nach raibh ach aon stáisiún ar an teilifís ach RTÉ.

Thógamar gach rud le n-ithe linn. Thóg mac amháin an bagún, duine eile na deochanna agus mar sin. Fuair mé coróin de turcaí (**turkey crown**) a bhí buailithe thart. Oíche Nollag dúirt mo mhac liom go gcuirfeadh sé an bagún ag bruith ar an gcócaireán (**cooker**) agus go dtógfadh sé sin trí huair. Lá Nollag tar éis an Aifrin i séipéal beag, thángamar abhaile agus chuaigh mé chuig an cuisneoir chun an turcaí a fháil agus a réiteach don oigheann (**oven**). Ní raibh an turcaí le feiceáil! I ndeireadh na dála d'oscail mé an tarraiceán (**drawer**) sa chuisneoir agus cad a bhí ann ach an bagún! Mo léan! Ag an am céanna bhí mo mhac ag cur na glóbh ann. Bhí an-scléip againn - bhí an turcaí bruite agus an bagún sa cuisneoir. Tá orm a admháil go raibh blas iontach ar an turcaí tar éis leath uair a chloig san oigheann.



Bhí Nollaig iontach againne sa deireadh. Chuamar amach sa bháisteach ar an trá cé go raibh an ghaoth ag séidiú an ghainimh sna súla. Bhíomar in ann preabshábh (**jigsaw**) mór a dhéanamh, scraball a imirt, leabhair a léamh agus chonaic mise Downton Abbey ar an teilifís. Bhí brón ar gach duine ag fágáil sláin leis na beithigh agus na cearca, agus, go mór mhór, leis an coileach péacóige agus léar gcara beag –an luch a tháinig amach istoiche chun fáilte a chur romhainn.

## TEACHT LE CHÉILE 2016

Ná déan dearmaid. Beidh teacht le chéile do na daoine a fhreastalaíonn ar na Maidineacha Caife ar siúl in Óstlann Wynn, Sráid na Mainistreach an Satharn, 23 Aibreán ag 8.00 am. Bí ann don cheol, don chraic agus don chomhrá i nGaeilge. Cuir glaoch ar Ben Mac Lochlainn ma tá ticéad ag teastáil - €15, bia san áireamh. Ní bheidh tú ró-fhada ón mbeár má bhíonn deoch uait. Bí ann agus tóg do chuid Gaeilge - bun, meán, nó ard - leat!

### CROSFHOCAL BG XBG-19: RÉITEACH

	1S	2C	A	3O	I	4L		5S	C	6A	I	7R	D	
8S		I		L	A			T		N	A		9T	
10N	É	A	R	Ó	I	S		11A	N	A	I	C	M	E
A		P		G		T		R		M		H		I
12S	U	T	H		13T	A	14C	A	S		15S	M	I	D
T		H		16C		17S	L	Í		18B		A		H
19A	20C	A	L	A	21Í		U		22C	U	I	S	23L	E
	Ú			24I	D	É	A	L	A	Í				I
25B	R	26I	S	T	E		S		27T	O	R	28M	A	29S
A		A		E		30D	Á	31N		N		U		C
32I	A	S	C		33T	A	N	A	Í		34T	I	N	E
C		A		35C		O		O		36A		N		A
37L	Ú	C	H	Á	I	R		38M	A	I	N	T	Í	N
E		H		I		39Á	D	H		L		I		
	40S	T	O	M	Á	N		41Ú	L	L	O	R	D	

### CUARDACH FOCAL 19: RÉITEACH

P	I	O	R	I	A	D	R	O	P	L	U	M	M	A
F	A	P	Á	P	Á	B	R	R	A	L	C	Á	N	N
P	I	P	E	C	F	Í	H	A	M	Ú	S	T	Á	S
L	Ó	G	A	N	C	H	A	O	R	M	O	A	C	U
O	R	H	E	N	O	R	A	H	C	Ó	E	Í	A	T
M	B	A	N	N	A	R	O	N	B	D	O	A	H	S
A	M	U	L	P	B	N	N	A	I	O	I	D	B	A
S	Ú	I	L	O	L	Í	N	O	H	N	Í	L	L	M
A	A	T	I	U	M	A	M	A	S	C	A	C	A	A
T	R	P	H	L	N	O	Í	F	R	I	N	B	E	S
S	O	L	B	A	Í	E	T	S	I	Á	R	O	M	Í
U	I	L	O	L	U	F	Í	O	N	C	A	R	Í	N
M	P	U	I	M	P	C	Í	N	Á	E	G	G	I	F
A	P	F	C	L	I	F	Í	G	E	T	S	E	E	D

### SEANFHOCAL

Múchadh feirge sofhreagra  
A gentle word calms wrath

## MARBHNA PHÁDRAIG

[Pádraig Ó Conaill as Baile na Sceilg,  
Iar-Fhear an Tí, An Chlasach, Cluain Tarbh]

Conus a déarfainn, a Phádraig, nár lig gearrfhógra an bháis  
Deis dúinn “slán leat” a rá?  
Meabhrach nach “slán” nó fiú “goodbye”, a bhí ann  
Ach deireadh ár scéil le chéile sa saol seo  
Idir cheol, bhéarsaíocht is chraic,  
Béaloideas Chiarraí gur mhian leat a roinnt linn;  
Bhí an teach solais múchta gan fhios ag na báid  
Nó fiú coinneal Nollag fágtha i bhfuinneog  
Chun tú a sheoladh thar teorainn doiléir an bháis;  
Tá an Seanchaí imithe uainn,  
An draighneán sractha ós na fréamhacha  
Is na síoga, scaipthe go deo.



Crann beithe ina cholgshneasamh, ceann san aer  
B’shin an Conalach grinnsúileach caoin;  
Na cosa ag bogluascadh le port nó ríl  
Srón iolarach ard an ghliaire spóirt,  
Briathra á scaipeadh mar dhuilliúr fómhair  
I gcanúint cheolmhar Dheiscirt Chiarraí;  
An bród a choimeád beo thú, a Phádraig,  
Ach cá rabhamar, nach bhfaca lomadh na ngéag?  
Bhíomar báite sa seanchas is draíocht an scéalaí!  
Nuair a scríobh tú marbhna an Chláirínigh dhil\*  
Ní raibh súil agat bheith á leanadh gan mhoill  
Tú féin is Jimmy Smyth i bhFlaitheas na nGael  
Is bhur mbeirt le chéile i ndilchuimhne rainn.

*Seán Ó Meara, 8 Eanáir 2016*

\*Jimmy Smyth, iar-iománaí clúiteach, Co an Chláir

I gcaogaidí an chéid seo caite  
bhíos im’ mhac léinn le Gaeilge is  
Fraincis i gColáiste Ollscoile  
Corcaí. Fuaireas leabhar ar iasacht  
ó léachtóir ann. “*An Béal Bocht*”  
ab ainm don leabhar agus bhaineas  
an-phléisiúr as. Ach mo léan!  
Nuair d’fhágas an ollscoil agus  
cathair Chorcaí dheineas dearmad  
glan ar an leabhar a thabhairt ar  
ais. Daichead bliain níos déanaí  
tharla go bhfaca mé an leabhar  
céanna i bhfuinneog siopa – agus  
praghas caoga punt marcáilte air!

### Leabhar ar Iasacht le fada

Brostaigh do thuras, a leabhráin  
Chun d’áitrebh féin cois Laoi  
Níor mhothaís lámh do mháistir  
Ó lár na gcaogaidí

Cé mór an seal ar strae thú  
Ní thú an chéad seachránach  
Ó bhí mór-chlanna Iosrael  
Le daichead bliain sa bhfásach.

Ní seasc anró na n-Giúdach  
A spreag filíocht na salma  
Gur chríochnaigh siad a n-aistear  
Níos oilte is níos calma.

Is ionann duit féin, a leabhráin,  
Ó chonaic mé gan ghó  
Gur shroich do luach an caoga punt  
Ó leathchoróin fadó.

Gach ceist ar chúis na moille  
N'appelle qu'une seule réponse  
Más fáda féin ní fánach  
Une aussi longue absence!

*Derick Móicléir*

